Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2021
(OR. en)

10467/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0039(COD)

CODEC 1031
MAR 127
TRANS 452
EDUC 249
SOC 433
ETS 11
MI 529

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2017/2397 a mhéid a bhaineann le bearta idirthréimhseacha chun teastais tríú tír a aithint **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 18 Feabhra 2021, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Márta 2021[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt.

[1] 6209/21
[2] IO C 220, 9.6.2021, lch. 87-87

4. An 30 Meitheamh 2021, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Choiste TRAN ina ndéarfar, i gcás go nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir athbhreithnithe arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 6 Iúil 2021.

6. Ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Iúil 2021, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfaí ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 55/21 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

7. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 55/21 é.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.